# Snáithe 2 | Caidrimh agus Gnéasacht

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 2.4** | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú. |
| **Réamhfhoghlaim:** | Roimh an topaic seo a phlé, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach torthaí foghlama **1.4**, **1.5**, **3.6** de OSPS na Sraithe Sóisearaí a athbhreithniú. Is gá freisin don scoláire bheith dulta i ngleic le torthaí foghlama gaolmhara OSPS na Sraithe Sinsearaí, go háirithe foghlaim faoi chaidrimh shláintiúla (**2.1**, **2.2** agus **2.3**) |

## Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

I dToradh Foghlama **2.4**, iarrtar ar an scoláire scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoirmítear dearcthaí sóisialta i ndáil le hinscne agus a bhreith cé na dearcthaí atá díobhálach agus is gá a athrú. Ciallaíonn inscne na róil, na freagrachtaí, na saintréithe, na hiompair, na gníomhartha agus na buanna a mheasann sochaí ar leith atá feiliúnach do mhná agus d'fhir. Cruthaítear inscne go sóisialta agus go cultúrtha, mar sin, tá difríochtaí móra idir tuiscintí ar inscne thar chomhthéacsanna agus thar thréimhse ama.

Sa rang Staire nó Polaitíochta agus na Sochaí, b'fhéidir go mbeadh roinnt de na struchtúir agus institiúidí á scrúdú ag an scoláire a chruthaigh agus a chothaigh neamhionannais inscne sa stair, cosúil le hoideachas, an t ionad oibre, cúirteanna. D'ainneoin dul chun cinn i gcomhionannas inscne in Éirinn le blianta beaga anuas, tá go leor eispéireas de neamhionannas inscne ann go fóill. Sa toradh foghlama seo, dírítear san fhoghlaim ar noirm, ionchais agus dearcthaí inscne atá ann inniu a scrúdú, agus iarraidh cé na gnéithe atá cabhrach, cé na gnéithe atá teorantach nó díobhálach agus céard is gá a athrú.

Cé go bhfaigheann mná ar fud an domhain eispéiris go díréireach ar iarmhairtí diúltacha na norm inscne sriantach agus díobhálach, ba cheart go ndíreofaí sa phlé freisin ar scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil roinnt norm inscne díobhálach d'fhir freisin. Mar shampla, léiríodh go ndearna ionchais nár cheart d'fhir mothúcháin a thaispeáint díobháil do mheabhairshláinte fear. Anuas ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inscne a bhíonn roimh mhná agus fhir, ba cheart na saincheisteanna uathúla atá roimh mhionlaigh inscne cosúil le daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha a áireamh sa phlé seo.

Is é an sprioc leis an toradh foghlama seo daoine óga a chumasú chun an chaoi ar féidir le léirithe fireannachta agus banúlachta a theorannú cur isteach ar shaol daoine óga uile agus neamhionannais inscne a bhuanú.

## Cuir chuige atá le meas i gcás ina bhfuiltear ag teagasc faoi inscne:

- D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tosú trí mhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le comhionannas inscne agus samplaí de dhearcthaí inscne dearfacha agus leathana inniu roimh phlé a dhéanamh ar an méid atá le baint amach fós.
- Tá sé tábhachtach daoine óga a chur i ngleic le fianaise agus taighde maidir le róil, ionchais agus dearcthaí inscne, agus an tionchar a bhíonn acu, chun tábhacht na ceiste a chur in iúl, roimh réitigh a fhiosrú. (Féach rannóg acmhainní OSPS d'uirlisí úsáide CNCM chun naisc chuig an taighde a fháil)
- Mínigh coincheap an trasnachais agus spreag daoine óga chun lionsa trasnachais a ghlacadh trí iarraidh orthu féin conas a bhíonn eispéiris daoine éagsúil le haitheantais éagsúla fhorluiteacha m.sh., eitneachtaí, cumais, cúlraí eacnamaíocha, claontaí gnéis éagsúla.

- Tarraing aird daoine óga ar na róil agus ionchais theorantacha a bhaineann le hinscne, cosúil le stóchas mothúchánach nó ionsaitheacht d'fhir agus géilleadh nó neamhréasúnacht do mhná.
- Tarraing aird ar an gcaoi a neartaíonn dearcthaí gnéasacha agus homafóbacha a chéile go minic, le buachaillí agus fir ag fáil teachtaireachtaí díobhálacha go bhfuil siad 'aerach' mura gcloíonn siad le noirm fhireannacha.
- Dearbhaigh go gcothaíonn neamhionannas inscne tionchair dhíobhálacha do gach duine agus iarr ar an scoláire cuimhneamh ar an gcaoi a bhfulaingíonn mná, fir, agus mionlaigh inscne iarmhairtí díobhálacha uathúla.
- Déan machnamh ar an gcaoi ar féidir le steiréitíopaí dochta inscne foréigean agus ciapadh in aghaidh na ndaoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de a spreagadh.
- Tá sé tábhachtach go rachadh an scoláire i ngleic leis na dinimicí cumhachta a oibríonn i bhfabhar na bhfear, fad is a aithnítear go bhfuil iarmhairtí díobhálacha do gach duine ag struchtúir chumhachta den sórt sin.
- Seachain an lipéad 'tocsaineach' a chur ar fhireannacht mar go ndéanann sé sin róshimpliú ar an tsaincheist agus go bhféadfaí fir a náiriú dá bharr seachas dialóg oscailte a spreagadh ar féidir léi feasacht agus athrú a chothú i ndáil le róil agus iompair inscne.
- Meabhraigh don scoláire gur minic gur ann do neamhionannas inscne, gnéasachas, agus fuath ban sna meáin, ar líne agus sa tsochaí ar bhealaí nach bhfuil chomh feiceálach. Spreag é chun teachtaireachtaí díobhálacha neamhfhollasacha a lorg agus iad a roinnt sa rang.

## Ceisteanna féideartha atá le fiosrú:

- Cén áit ar féidir dearcthaí agus teachtaireachta sriantacha nó díobhálacha i leith inscne a fheiceáil sna meáin inniu? Cár féidir leat léirithe dearfacha nó leathana den inscne a fheiceáil sna meáin?
- Cé na tionchair dhíobhálacha a bhíonn de thoradh dearcthaí teoranta nó díobhálacha maidir le fireannacht agus banúlacht? (naisc le TF 2.6.)
- Cé na dúshláin uathúla atá roimh mhionlaigh inscne, cosúil le daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha, mar gheall ar thuairimí agus dearcthaí a bhaineann le hinscne?

## Sainmhínithe úsáideacha

**Inscne:** ciallaíonn inscne na róil, na freagrachtaí, na saintréithe, na hiompair, na gníomhartha agus na buanna a mheasann sochaí ar leith atá feiliúnach do mhná agus d'fhir. Cruthaítear inscne go sóisialta agus go cultúrtha, mar sin, tá difríochtaí móra idir tuiscintí ar inscne thar chomhthéacsanna agus le himeacht ama.

**Féiniúlacht inscne:** tagraíonn sé seo d'eispéireas inmheánach aonair a mhothaíonn daoine ag baint lena n inscne, a thagann, nó nach dtagann, leis an ngnéas a cláraíodh tráth na breithe.

**Léiriú inscne:** tagraíonn sé seo do bhealaí a léiríonn daoine a n inscne go seachtrach trí iompar, éadaí, cuma srl., a thuigtear go hiondúil feadh speictream fireannachta agus banúlachta.

**Inscne:** Gnéas: tagraíonn sé seo do na tréithe crómasómacha, hormónacha agus anatamaíocha atá fireann nó baineann. Nuair a thagann páistí ar an saol, déantar a ngnéas a chinneadh nó a 'shannadh' ar bhonn a gcuid ball giniúna seachtrach den chuid is mó; is iondúil, ach ní i gcónaí, go mbíonn sé seo ina léiriú ar a gcomhdhéanamh hormónach agus crómasómach inmheánach.

### Toradh foghlama leantach féideartha:

**Bunsraith thábhachtach chun dul i ngleic le teagasc agus foghlaim faoi chaidrimh mhí-úsáideacha agus fhoréigneacha in TF 2.5, 2.6, 2.7, 2.8 is ea dul i ngleic le TF 2.4 mar gur gá comhthéacs sóisialta sochaí éagothroime inscne a phlé chun bunchúis an fhoréigin teaghlaigh, gnéis agus ar bhonn inscne (DSGBV) a thuiscint.**

**Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS le haghaidh acmhainní an tseomra ranga nasctha le TF 2.4**